Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Aibreán 2020
(OR. en)

7360/20

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0178 (COD)

VOTE 21
INF 76
PUBLIC 28
CODEC 286

## NÓTA

| | | |
|---|---|---|
| Ábhar: | – | Toradh na vótála |
| | – | Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 |
| | – | Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis faoi chúiseanna na Comhairle a ullmhú |

Tá toradh na vótála maidir leis an ngníomh reachtach thuasluaite san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

Doiciméad tagartha:

5639/20 + COR 1

5639/1/20 REV 1 (hr, hu, pt) + REV 1 COR 1 (hr, hu, pt)

5639/20 ADD 1 + COR 1

dáta an chinnidh a rinne Coreper, Cuid 2, an Nós Imeachta i Scríbhinn a úsáid, 08.04.2020

Na ráitis agus/nó na míniúcháin a tugadh maidir leis an vótáil, tá siad in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an nóta seo.

## General Secretariat of the Council

| | |
|---|---|
| Institution: | **Council of the European Union** |
| Session: | |
| Configuration: | |
| Item: | **2018/0178 (COD)** (Document: **5639/20** ) |
| Voting Rule: | **qualified majority** |
| Subject: | Regulation of the European Parliament and of the Council on the establishment of a framework to facilitate sustainable investment, and amending Regulation (EU) 2019/2088 |

| Vote | Members | | Population (%) |
|---|---|---|---|
| Yes | 22 | | 83,5% |
| No | 1 | | 2,29% |
| Abstain | 4 | | 14,21% |
| Not participating | 0 | | |
| Total | 27 | | |

Sitting date:

Final result

| Member State | Weighting | Vote | Member State | Weighting | Vote |
|---|---|---|---|---|---|
| BELGIQUE/BELGIË | 2,56 | Yes | LIETUVA | 0,62 | Yes |
| БЪЛГАРИЯ | 1,56 | Abstain | LUXEMBOURG | 0,14 | Yes |
| CESKÁ REPUBLIKA | 2,35 | Yes | MAGYARORSZÁG | 2,18 | Abstain |
| DANMARK | 1,30 | Yes | MALTA | 0,11 | Yes |
| DEUTSCHLAND | 18,54 | Yes | NEDERLAND | 3,89 | Yes |
| EESTI | 0,30 | Yes | ÖSTERREICH | 1,98 | Abstain |
| ÉIRE/IRELAND | 1,10 | Yes | POLSKA | 8,49 | Abstain |
| ΕΛΛΆΔΑ | 2,40 | Yes | PORTUGAL | 2,30 | Yes |
| ESPAÑA | 10,49 | Yes | ROMÂNIA | 4,34 | Yes |
| FRANCE | 14,98 | Yes | SLOVENIJA | 0,47 | Yes |
| HRVATSKA | 0,91 | Yes | SLOVENSKO | 1,22 | Yes |
| ITALIA | 13,65 | Yes | SUOMI/FINLAND | 1,23 | Yes |
| ΚΎΠΡΟΣ | 0,20 | Yes | SVERIGE | 2,29 | No |
| LATVIJA | 0,43 | Yes | ~~UNITED KINGDOM~~ | | (x) |

** When acting on a proposal from the Commission or the High Representative, qualified majority is reached if at least 55 % of members vote in favour (15 MS) accounting for at least 65% of the population*

*For information: http://www.consilium.europa.eu/public-vote*

**IARSCRÍBHINN II**

**Ráiteas ón nGearmáin le tacaíocht ón Ungáir**

Tá sé mar chuspóir againn tacsanomaíocht inchreidte a bhunú a bheidh ina treoir d'infheisteoirí chun gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a shainaithint. Mar sin féin, d'fhonn earnálacha nach bhfuil inniúlacht rialála ag an Aontas ina leith a áireamh sa tacsanomaíocht, tá imní mhór orainn maidir le húsáid a bhaint as gníomhartha tarmligthe. Ó thaobh earnáil na foraoiseachta, cuirimid i bhfios go láidir gur inniúlacht de chuid na mBallstát é beartais foraoiseachta a cheapadh. Níor cheart úsáid gníomhartha tarmligthe chun critéir i dtaca le hearnáil na foraoiseachta dochar a dhéanamh d'aon athrú inniúlachta ó na Ballstáit go dtí an tAontas sa réimse beartais seo.

Ina theannta sin, maidir le "bainistiú inbhuanaithe foraoisí" tá an Ghearmáin den tuairim gur cheart an sainmhíniú atá i rún FOREST EUROPE "Treoirlínte Ginearálta maidir le Bainistiú Inbhuanaithe Foraoisí san Eoraip", mar a ghlac na Ballstáit agus an Aontas Eorpach d'aon toil in 1993 é, a mheas mar an bunús.

**Ráiteas ó Lucsamburg**

Ba cheart an tacsanomaíocht a bheith ina hionstraim bhunriachtanach le hinfheisteoirí a threorú chun gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe a shainaithint. Meabhraíonn Lucsamburg nach foinse fuinnimh shábháilte ná inbhuanaithe é an fuinneamh núicléach. Dá bhrí sin, le tacsanomaíocht inchreidte, ní cheadaítear giniúint na cumhachta núicléiche agus tionscadail i ndáil le timthriall an bhreosla núicléach d'aon sórt a cháiliú mar ghníomhaíochtaí inbhuanaithe.

I ndáil leis sin, le neartú prionsabail "na neamhdhíobhála suntasaí" sa leagan deiridh den rialachán, déanfar creidiúnacht na tacsanomaíochta a choimirciú os comhair réimse leathan infheisteoirí Eorpacha agus dhaonra an Aontais. Táimid ag brath ar na hinstitiúidí Eorpacha lena áirithiú go gcuirfear an prionsabal sin i bhfeidhm ar bhealach docht, soiléir. Dá gcuirfí an prionsabal sin i bhfeidhm ar aon bhealach eile, go háirithe maidir leis an bhfuinneamh núicléach, bheadh baol ann go gcruthófaí "éifeachtaí gaibhnithe" fadtéarmacha i dteicneolaíochtaí den sórt sin, rud a ghinfeadh méid dochinntithe costais bhreise agus, dá bharr sin, thiocfaí salach ar chuspóir foriomlán chlár oibre an airgeadais inbhuanaithe.

**Ráiteas ó Phoblacht na Seice, ón Ungáir, ón tSlóvaic agus ón tSlóivéin**

Is mór ag Poblacht na Seice, ag an Ungáir, ag an tSlóvaic agus ag an tSlóivéin buanseasmhacht na hUachtaránachta agus na hiarrachtaí a rinne sí maidir leis an togra tacsanomaíochta. I bhfianaise tuilleadh oibre maidir leis na forálacha a bhaineann le fuinneamh, cuireann Poblacht na Seice, an Ungáir, an tSlóvaic agus an tSlóivéin i bhfios go láidir gur gá neodracht na teicneolaíochta a urramú mar cheann de bhunphrionsabail an togra.

Aithníonn Poblacht na Seice, an Ungáir, an tSlóvaic agus an tSlóivéin gur gá dul i ngleic leis an athrú aeráide go pras, agus slándáil, cobhsaíocht agus inacmhainneacht an tsoláthair fuinnimh á gcoimirciú ag an am céanna san fhadtéarma. Chun aeráidneodracht a bhaint amach, tá gá le foinsí agus bonneagar fuinnimh ísealcharbóin agus idirthréimhseacha agus is díol sásaimh dúinn go bhfuil sé sin cumhdaithe go soiléir anois sa chreat tacsanomaíochta. Aithníonn comhphobal saineolaithe an domhain go maith go bhfuil gá leis an bhfuinneamh núicléach chun dul i ngleic leis an athrú aeráide. Measann Poblacht na Seice, an Ungáir, an tSlóvaic agus an tSlóivéin gur foinse fuinnimh inbhuanaithe agus sábháilte é an fuinneamh núicléach san fhadtéarma. Tá sé ina réamhchoinníoll bunúsach chun aeráidneodracht a bhaint amach, na hacmhainní núicléacha reatha a choinneáil agus a fhorbairt amach anseo, agus na hardchaighdeáin sábháilteachta agus slándála á n-urramú ag an am céanna, ní hamháin i bPoblacht na Seice, san Ungáir, sa tSlóvaic agus sa tSlóivéin, ach ar leibhéal an Aontais freisin. Tá sé sin deimhnithe freisin ag IPCC agus ag eagraíochtaí idirnáisiúnta fuinnimh agus léirítear é i ndoiciméid an Choimisiúin freisin. Táimid ag brath ar an gCoimisiún próiseas iomlán trédhearcach mionsaothraithe na nGníomhartha Tarmligthe ábhartha a áirithiú – próiseas inchreidte, fianaise-bhunaithe atá bunaithe ar shaineolas, ionchuir eolaíocha agus rannpháirtíocht chuí na mBallstát d'fhonn measúnú iomlán eolasach agus oibiachtúil a dhéanamh ar inbhuanaitheacht na dteicneolaíochtaí fuinnimh uile atá ar fáil ar bhonn neamh-idirdhealaitheach.

Tacaíonn Poblacht na Seice, an Ungáir, an tSlóvaic agus an tSlóivéin le cuspóir aeráidneodracht an Aontais faoi 2050. Chun an sprioc sin a bhaint amach, ní mór na huirlisí uile is gá a bheith ag na Ballstáit chun an cuspóir uaillmhianach sin a bhaint amach ar bhealach costéifeachtach agus creidiúnacht ár n-iarrachtaí aeráide a áirithiú.

## Ráiteas ón Ostair

Is cuspóir é atá againne freisin tacsanomaíocht inchreidte a bhunú a bheidh ina treoir d'infheisteoirí chun gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a shainaithint. Creidimid fós gur cheart an tacsanomaíocht a ghlacadh a luaithe is féidir. Rinneadh dul chun cinn suntasach cheana féin ag an gcruinniú tríthaobhach. Mar sin féin, bheadh aon tacsanomaíocht a cheadódh do chumhacht núicléach cáiliú mar chumhacht inbhuanaithe, nó fiú mar "aistriú" nó mar "ghníomhaíocht chumasúcháin", fabhtach go nádúrtha agus d'fhéadfadh cáineadh tromchúiseach teacht as, toisc go léireodh sin na comharthaí agus na dreasachtaí míchearta do rannpháirtithe agus infheisteoirí an mhargaidh airgeadais. Ní féidir le toradh na caibidlíochta deireadh a chur leis an imní atá orainn go bhféadfadh an creat atá beartaithe ligean d'acmhainní airgeadais a aistriú ó ghníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus i dteicneolaíochtaí nach féidir a mheas mar theicneolaíochtaí sábháilte nó inbhuanaithe, amhail cumhacht núicléach.

## Ráiteas ón bPolainn

Tacaíonn an Pholainn go hiomlán le cuspóirí an Rialacháin, go háirithe leis an tacaíocht do chinntí gnó eolacha i ndáil le hinfheistíochtaí i ngníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

Is é ár mbarúil go bhfuil an iomarca saoirse sa téacs mar atá sé faoi láthair chun bríonna éagsúla a shannadh do phríomh-shaincheisteanna. Fágtar cinntí ina leith faoi ghníomhartha Leibhéal 2, a ghlacfar in éagmais rannpháirtíocht leordhóthanach na mBallstát.

Tá tuairim dhiúltach againn nach bhfuil ráthaíocht sa rialachán go n-aithneofar gás nádúrtha mar ghníomhaíocht idirthréimhseach. Cuireann an Pholainn in iúl gur breosla idirlinne ríthábhachtach é an gás nádúrtha a úsáidtear in ionad an ghuail agus, ag an am céanna, chun forbairt dhinimiciúil foinsí in-athnuaite fuinnimh a fhorbairt. De bhreis air sin, is ionann infheistíochtaí sa ghás nádúrtha agus cur chun feidhme an phrionsabail 'gan éinne a fhágáil ar lár' sa Pholainn sa lá atá inniu ann. In éagmais na n-infheistíochtaí sin, cuirfear moill shuntasach ar chlaochlú fuinnimh na Polainne, rud a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do bheartas aeráide an Aontais.

Ní léirítear ról an fhuinnimh núicléach go díreach i dtéacs an rialacháin. Tá an fuinneamh núicléach ríthábhachtach chun aeráidneodracht a bhaint amach, mar a deimhníodh i dtuarascálacha agus anailís a rinne eagraíochtaí idirnáisiúnta aitheanta agus go háirithe i ndoiciméid de chuid an Choimisiúin Eorpaigh nó sa rún is déanaí ó Pharlaimint na hEorpa maidir le COP 25 (rec. 59).

Ina theannta sin, i bhfianaise shaincheist chonspóideach an fhuinnimh núicléach faoi chuimsiú na caibidlíochta maidir le téacs an rialacháin, níor cheart an cinneadh maidir lena chur san áireamh sa tacsanomaíocht a fhágáil faoi ghníomhartha ar leibhéal níos ísle.

Tá an Pholainn ag súil, i bhfianaise an chomhréitigh a glacadh i réimse an fhuinnimh núicléach agus an gháis, go n-urramófar prionsabal neodracht na teicneolaíochta san obair ar ghníomhartha tarmligthe agus nach ndéanfaidh tacsanomaíocht an Aontais teicneolaíochtaí atá ríthábhachtach chun aeráidneodracht a bhaint amach a eisiamh. Sa tuarascáil ón Sainghrúpa Teicniúil um an Airgeadas Inbhuanaithe maidir leis an Tacsanomaíocht ceapadh moladh chun sainghrúpa a bhunú le scrúdú a dhéanamh ar an tionchar ar an gcomhshaol a bhíonn ag breosla spíonta agus ag bainistiú dramhaíola radaighníomhaí. Táimid ag súil nach nglacfar gníomhartha tarmligthe, go háirithe maidir le gníomhaíochtaí maolaithe, ach amháin má dhéanann saineolaithe neamhspleácha anailís oibiachtúil den sórt sin, agus nach dtabharfar neamhaird ar shonraí arna soláthar ag fóraim agus eagraíochtaí idirnáisiúnta ceannródaíocha (IPCC, ECFE).

Aontaíonn an Pholainn leis an moladh creat dlíthiúil a chruthú a spreagfadh maoiniú an fháis inbhuanaithe. Dá bhrí sin, táimid den tuairim gur cheart gníomhaíochtaí den sórt sin a bheith comhsheasmhach le gníomhaíochtaí eile a dhéantar ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus gur cheart comhréireacht a áirithiú leo freisin.

Má thugtar isteach oibleagáidí breise maidir le nochtadh i ndáil le hinbhuanaitheacht sa Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, ar oibleagáidí iad atá comhthreomhar leis na hoibleagáidí dá bhforáiltear sa Rialachán maidir le Nochtadh, gan anailís dhomhain a dhéanamh agus togra reachtach ón gCoimisiún Eorpach á ullmhú, is é ár dtuairim gur féidir go dtiomsófar an chaipitil lasmuigh den mhargadh caipitil. Dá bhrí sin, féadfaidh cás den sórt sin a bheith ag teacht salach ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe laistigh d'Aontas na Margaí Caipitil. Ina theannta sin, éiríonn easpa trédhearcachta sna forálacha agus amhras ó thaobh brí de i dtaca leis na heintitis ar a bhfuil na forálacha dírithe as an gcur chuige a glacadh maidir le hoibleagáid an nochta a rialú i dtaca le hinbhuanaitheacht ag an am céanna in dhá ghníomh dhlíthiúla (an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht agus an Rialachán maidir le Nochtadh) .

I bhfianaise an mhéid thuas, iarraimid ar an gCoimisiún Eorpach aird chuí a thabhairt ar na rialacha maidir le comhréireacht agus comhleanúnachas agus gníomhartha tarmligthe á nglacadh aige d'fhonn comhlíonadh chuspóirí Aontas na Margaí Caipitil a áirithiú. Iarraimid freisin ar an gCoimisiún Eorpach an nasc atá ann cheana idir an rialachán seo agus an Rialachán maidir le Nochtadh a chur san áireamh agus é ag tabhairt faoi thograí reachtacha amach anseo.

I bhfianaise an mhéid thuas, ní chuireann an Pholainn i gcoinne ghlacadh an Rialacháin maidir le Maoiniú Inbhuanaithe — tacsanomaíocht, ach ní féidir léi tacú leis.

## Ráiteas ón tSualainn

Ba mhaith leis an tSualainn a himní a mheabhrú maidir leis an gcaoi a gcaitear le bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí agus le beartas foraoise sa Rialachán maidir le Tacsanomaíocht. Le linn na caibidlíochta, d'iarramar de shíor go mbeadh tagairt shoiléir gan débhrí don sainmhíniú ó *Forest Europe* ar 'bhainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí'. Is oth linn nár coinníodh an méid sin sa téacs comhréitigh deiridh.

Leis an sainmhíniú ó *Forest Europe*, a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta agus atá aitheanta go maith, cabhraíodh le comhthuiscint uile-Eorpach ar bhainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí a chur chun cinn le beagnach 30 bliain anuas. Leis an gcomhréiteach deiridh ar ar tháinig na comhreachtóirí tugtar isteach coincheap éagsúil maidir le bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí a d'fhéadfadh an chomhthuiscint i measc 47 sínitheoir *Forest Europe*, lena n-áirítear an tAontas gona Bhallstáit, a chaolú. Tá sé fíorthábhachtach an sainmhíniú comhaontaithe a choinneáil i gcás forbairt agus cur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Tacsanomaíocht. D'fhéadfadh úsáid agus cur i bhfeidhm neamhleanúnach an bhainistithe inbhuanaithe ar fhoraoisí a eascairt as imeacht ón gcomhthuiscint sin.

Ba mhaith linn a mheabhrú freisin an méid atá ráite ag Comhairle an Aontais Eorpaigh faoi dhó i mbliana[1]: cé go bhfuil réimse beartas ag an Aontas a bhaineann le foraoisí, nach bhfuil aon tagairt sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh do chomhbheartas foraoise an Aontais, go luíonn an fhreagracht i gcomhair foraoisí leis na Ballstáit, agus go gcaithfidh gach cinneadh agus gach beartas san Aontas a bhaineann le foraoisí prionsabal na coimhdeachta agus inniúlacht na mBallstát sa réimse sin a urramú.

Ós rud é nár measadh go raibh an téacs deiridh inghlactha maidir leis an gcaoi a gcaitear le bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí agus leis an mbeartas foraoise, níl an tSualainn in ann tacú le glacadh an rialacháin. Tathantaímid ar an gCoimisiún agus ar shainghrúpaí a bheidh ann amach anseo na critéir thuasluaite a chur san áireamh agus critéir scagtha theicniúla agus reachtaíocht thánaisteach á bhforbairt acu.

[1] Conclúidí ón gComhairle agus ó Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir leis an Teachtaireacht i ndáil le dlús a chur le gníomhaíocht an Aontais chun foraoisí an domhain a chosaint agus a athbhunú (a glacadh an 16 Nollaig 2019) Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme Straitéis Foraoise an Aontais agus maidir le creat straitéiseach nua i gcomhair foraoisí (a glacadh 15 Aibreán 2019)

**<u>Ráiteas ó Phoblacht na Seice agus ón tSlóvaic</u>**

Is mór againn, toscaireachtaí Phoblacht na Seice agus na Slóvaice, an iarracht atá déanta ag an Uachtaránacht chun teacht ar chomhaontú le Parlaimint na hEorpa maidir leis an sainchomhad tacsanomaíochta. I bhfianaise na hoibre atá romhainn, is gá dúinn dhá bharúil a chur in iúl i ndáil le bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí agus leis an mbeartas foraoise.

Le linn na caibidlíochta maidir leis an tacsanomaíocht, d'iarramar de shíor go mbeadh tagairt shoiléir gan débhrí don sainmhíniú ó Forest Europe ar 'bhainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí'. Is oth linn nár coinníodh an méid sin sa téacs deiridh.

Leis an sainmhíniú ó Forest Europe, a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta agus atá aitheanta go maith, cabhraíodh le comhthuiscint uile-Eorpach ar bhainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí a chur chun cinn le beagnach 30 bliain anuas. Leis an gcomhréiteach deiridh ar ar tháinig na comhreachtóirí tugtar isteach coincheap éagsúil maidir le bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí a d'fhéadfadh an chomhthuiscint i measc 47 sínitheoir Forest Europe, lena n-áirítear an tAontas gona Bhallstáit, a chaolú. Tá sé fíorthábhachtach an sainmhíniú comhaontaithe a choinneáil i gcás forbairt agus cur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Tacsanomaíocht. D'fhéadfadh úsáid agus cur i bhfeidhm neamhleanúnach an bhainistithe inbhuanaithe ar fhoraoisí a eascairt as imeacht ón gcomhthuiscint sin.

Ba mhaith linn a mheabhrú freisin an méid atá ráite ag Comhairle an Aontais Eorpaigh faoi dhó i mbliana*: cé go bhfuil réimse beartas ag an Aontas a bhaineann le foraoisí, nach bhfuil aon tagairt sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh do chomhbheartas foraoise an Aontais, go luíonn an fhreagracht i gcomhair foraoisí leis na Ballstáit agus go gcaithfidh gach cinneadh agus gach beartas san Aontas a bhaineann le foraoisí prionsabal na coimhdeachta agus inniúlacht na mBallstát sa réimse sin a urramú.

Tathantaímid ar an gCoimisiún agus ar shainghrúpaí a bheidh ann amach anseo na critéir thuasluaite a chur san áireamh agus critéir scagtha theicniúla agus reachtaíocht thánaisteach á bhforbairt acu.

* Conclúidí ón gComhairle agus ó Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir leis an Teachtaireacht i ndáil le dlús a chur le gníomhaíocht an Aontais chun foraoisí an domhain a chosaint agus a athbhunú (a glacadh an 16 Nollaig 2019); Conclúidí ón gComhairle ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme Straitéis Foraoise an Aontais agus maidir le creat straitéiseach nua i gcomhair foraoisí (a glacadh an 15 Aibreán 2019).

**Ráiteas ón Ungáir**

Ba mhaith linn a chur in iúl go bhfuil imní orainn maidir le leathnú suntasach ábhar agus raon feidhme pearsanta an Rialacháin. Dá leathnófaí an raon feidhme chuig táirgí nach bhfuil aon chineál aidhmeanna comhshaoil, sóisialta nó rialachais á shaothrú acu, ní dhéanfaí ach cur le hualach riaracháin na rannpháirtithe sa mhargadh gan tuilleadh faisnéise úsáidí a thabhairt d'infheisteoirí.

Ina theannta sin, ní iomchuí an raon feidhme a leathnú chuig cuideachtaí atá faoi raon feidhme Airteagal 19a agus Airteagal 29a de Threoir 2013/43/AE. Tá na ceanglais tuairiscithe neamhairgeadais faoi réir seiceáil oiriúnachta a dhéanann an Coimisiún Eorpach agus déantar foráil freisin d'athbhreithniú ar na ceanglais, agus dá bhrí sin ba cheart go dtabharfaí aon cheanglas nua sa réimse seo tar éis measúnú críochnúil a dhéanamh in éineacht leis na saineolaithe ábhartha.

---